GX1017

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

**CÉAD SCRÚDÚ OLLSCOILE SNA DÁIN**

**SAMHRADH 2001**

TÍREOLAÍOCHT

TI 104 Gnéithe de Thíreolaíocht na hÉireann

Meáchan: 5 ECTS

An tOllamh Deasúin O Rathaille
Dr. Oonagh McCann
Dr. Mark McCarthy
Dr. Mary Cawley
An tOllamh Ulf Strohmayer

Am ceadaithe: 3 uair
Úsáid leabhar freagraí ar leith do gach Rannóg
**Freagair <u>ceist amháin</u> as gach Rannóg, <u>ceist amháin</u> as roinn ar bith, <u>ceithre</u> cheist in iomlán**

## ROINN A

1. Déan cur síos ar Ghéolaíocht na hÉireann.

2. Pléigh an aeráid atá in Éirinn faoi láthair.

3 Pléigh 'teagmhas foircneach aimsire' a thárla in Éirinn agus na gnéithe a mhéadaigh an fhadhb.

4. Is féidir coinníolacha pailea-thimpeallachta a thuiscint trí staidéar a dhéanamh ar ithreacha. Bhí an aeráid difriúil in Éirinn 70 milliún bliain ó shin. Pléigh é seo le tagairt ar leith do fho-bhasaltaigh Thuaisceart Aontroma

5. Tá éagsúlacht ithreacha in Éirinn. Pléigh.

6. Pléigh na toiscí agus na próiséasanna atá freagrach as foirmiú ithreach.

## ROINN B

7. "Ag féáchaint air ón aer, is tranglam de inscríbhinní, de chomharthaí agus de shiombaili atá i dtírdhreach na hÉireann a léiríonn réamhstair agus stair chasta lonnaíochta agus cultúir an oileáin seo atá measartha beag ach lán d'éagsúlacht' (Smyth, 1993). Pléigh é seo le tagairt do 'dhéanamh' na hÉireann .

/...

8. Imlínigh na foinsí agus na modheolaíochtaí/teicnící a úsáideann an tíreolaí nuaa-aimseartha chun na hathraithe i dtírdhreach agus i gcultúr na hÉireann ó aimsir na réamhstaire go dtí an lá inniu a athchruthú

9. Scríobh aiste ar shaol agus ar shaothar an tíreolaí as Béal Feirste, Estyn Evans (1905-89).

## ROINN C

10. Déan léirmheas ar na príomhathraithe a tharla i méid agus i ndáilíocht an daonra in Éirinn sa chéad leath de na 1990í agus pléigh na príomhthoiscí ba chúis leo.

11. Tagraíonn Lafferty, Commins agus Walsh (1999) don mhéadú atá ag teacht ar an chomhcruinniú sa táirgíocht thalmhaíoch in Éirinn le roinnt deicheanna de bhlianta anuas. Pléigh le tagairtí do na toscaí is cúis leis.

12. Déan measúnú ar pháirt na timpeallachta nádúrtha agus cultúrtha sa turasóireacht in Éirinn.